



Uimhir 38 de 2013

AN tACHT LEASA SHÓISIALAIGH AGUS PINSEAN, 2013

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, forléiriú, comhluanna agus tosach feidhme

CUID 2

LEASUITHE AR NA hACHTANNA LEASA SHÓISIALAIGH

2. Mínithe
3. Ranníocaíochtaí ag daoine áirithe
4. Sochar breoiteachta — leasuithe
5. Sochar máithreachais — an ráta sochair
6. Sochar uchtaíoch — an ráta sochair
7. Sochar díobhála — leasuithe
8. Scor de dheontas méala a íoc
9. Liúntas cuardaitheora poist — leasuithe
10. Liúntas leasa forlíontach — leasuithe
11. Scor d'fhorlíonadh úis morgáiste a íoc
12. Pinsean easláine — an ráta pinsin i gcásanna áirithe
13. Sochair agus cúnamh áirithe a ghnóthú

[Uimh. 38.]

An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2013.

[2013.]

CUID 3

LEASÚ AR AN ACHT UM BORD MEASÚNAITHE DÍOBHÁLACHA PEARSANTA, 2003

14. Leasú ar alt 38 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003

CUID 4

LEASÚ AR ACHT NA bPINSEAN, 1990

15. Míniú
16. Leasú ar alt 59B den Phríomh-Acht
17. Leasú ar alt 59C den Phríomh-Acht
18. Alt nua 59H arna chur isteach sa Phríomh-Acht

[2013.]

An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2013.

[Uimh. 38.]

NA hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), 1964 (Uimh. 17)
An tAcht um Dhliteanas Sibhialta, 1961 (Uimh. 41)
Na hAchtanna Garda Síochána (Cúiteamh), 1941 go 2003
An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006 (Uimh. 17)
Acht na bPinsean, 1990 (Uimh. 25)
Achtanna na bPinsean, 1990 go 2013
An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 (Uimh. 46)
An tAcht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008 (Uimh. 22)
An tAcht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2010 (Uimh. 28)
An tAcht Leasa Shóisialaigh, 2005 (Uimh. 30)
An tAcht Leasa Shóisialaigh, 2010 (Uimh. 34)
Na hAchtanna Leasa Shóisialaigh
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013 (Uimh. 20)
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2), 2009 (Uimh. 43)
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2008 (Uimh. 2)
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2009 (Uimh. 10)
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2010 (Uimh. 37)
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2012 (Uimh. 12)
An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 (Uimh. 26)



Uimhir 38 de 2013

AN tACHT LEASA SHÓISIALAIGH AGUS PINSEAN, 2013

[An tiontú oifigiúil]

Acht do leasú agus do leathnú na nAchtanna Leasa Shóisialaigh agus Acht na bPinsean, 1990; do dhéanamh socrú maidir leis an Aire Coimirce Sóisialaí do ghnóthú sochair agus cúnamh áirithe, do leasú an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[9 Samhain 2013]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal, forléiriú, comhluanna agus tosach feidhme

1. (1) Féadfar an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2013 a ghairm den Acht seo.
- (2) Léifear na hAchtanna Leasa Shóisialaigh agus *Codanna 1* agus *2* le chéile mar aon ní amháin.
- (3) Léifear Achtanna na bPinsean, 1990 go 2013 agus *Cuid 4* le chéile mar aon ní amháin agus féadfar Achtanna na bPinsean, 1990 go 2013 a ghairm díobh le chéile.
- (4) Tiocfaidh *ailt 13* agus *14* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

CUID 2

LEASUITHE AR NA hACHTANNA LEASA SHÓISIALAIGH

Mínithe

2. Sa Chuid seo—

ciallaíonn “Acht 2005” an tAcht Leasa Shóisialaigh, 2005;

ciallaíonn “Acht 2009” an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2), 2009;
ciallaíonn “Acht 2010” an tAcht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2010;
ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005.

Ranníocaíochtaí ag daoine áirithe

3. (1) Leasaítear Caibidil 5B (a cuireadh isteach leis an Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013) de Chuid 2 den Phríomh-Acht—

(a) in alt 30E—

(i) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Tá feidhm ag an gCaibidil seo—

(a) maidir le ranníocóir fostaithe, agus

(b) maidir le duine atá ag fáil pinsean a thig as fostaíocht roimhe sin de chuid an duine sin nó de chuid a chéile nó a céile nó a pháirtnéara shibhialta nó a páirtnéara shibhialta,

más rud é maidir leis an ranníocóir fostaithe sin nó an duine sin—

(i) go bhfuil 16 bliana slánaithe aige nó aici ach nach bhfuil aois inphinsin slánaithe aige nó aici, agus

(ii) go bhfaighidh sé nó sí i mbliain ranníoca ioncam dá dtagraítear i bhfo-alt (3).”,

agus

(ii) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) An t-ioncam a gheobhaidh ranníocóir fostaithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1A)(a) nó duine dá dtagraítear i bhfo-alt (1A)(b) i mbliain ranníoca lena mbaineann fo-alt (1A) is ioncam ináirithe neamhthuillte é i gcás nach mbeidh ag an ranníocóir fostaithe sin nó an duine sin—

(a) díolaíochtaí ináirithe, nó

(b) ioncam ináirithe—

(i) lena mbaineann Caibidil 3 de Chuid 4, nó

(ii) lena mbaineann Cuid 43,

d’Acht 1997,

sa bhliain ranníoca sin.

(4) I bhfo-alt (3), ciallaíonn ‘ioncam ináirithe neamhthuillte’ ioncam ináirithe seachas ioncam ináirithe—

[2013.]

An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2013.

[Uimh. 38.]

Cd.2 A.3

(a) lena mbaineann Caibidil 3 de Chuid 4, nó

(b) lena mbaineann Cuid 43,

d'Acht 1997.”,

(b) in alt 30F—

(i) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (1A), dlífidh aon duine” a chur in ionad “Dlífidh aon ranníocóir fostaithe”,

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Ní bheidh ranníocaíocht iníoctha de réir na Caibidle seo i leith ioncam ináirithe dá dtagraítear in alt 30E(2) nó ioncam ináirithe neamhthuillte dá dtagraítear in alt 30E(3) i leith aon bhliain ranníoca nach duine inmhuirearaithe de réir bhrí alt 959A d’Acht 1997 duine lena mbaineann an Chaibidil seo lena linn.”,

agus

(iii) i bhfo-alt (4)(a), trí “de chuid duine” a chur in ionad “de chuid ranníocóra fhostaithe” agus trí “ó dhuine” a chur in ionad “ó ranníocóir fostaithe”,

agus

(c) in alt 30G—

(i) i bhfo-alt (1)(f)—

(I) trí “duine” a chur in ionad “ranníocóra fhostaithe”, agus

(II) trí “den duine” a chur in ionad “den ranníocóir”,

agus

(ii) i bhfo-alt (4)—

(I) trí “na n-aicmí duine” a chur in ionad “na n-aicmí ranníocóirí fostaithe”, agus

(II) trí “an duine sin” a chur in ionad “an ranníocóir sin”.

(2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)*, a mhéid a bhaineann sé le dliteanas i leith ranníoca faoi alt 30F(1) (a leasaíodh le *mír (b)* den fho-alt sin) den Phríomh-Acht, i leith aon ioncam ináirithe neamhthuillte dá dtagraítear in alt 30E(3) a fhaigheann duine dá dtagraítear i bhfo-alt (1A) d’alt 30E den Phríomh-Acht (a cuireadh isteach le *mír (a) d’fho-alt (1)*)—

(a) i leith na bliana ranníoca dar tosach an 1 Eanáir 2014, agus

(b) i leith gach bliana ranníoca dá éis sin.

(3) Tagann an t-alt seo i ngníomh an 1 Eanáir 2014.

Sochar breoiteachta — leasuithe**4. (1) Leasaítear alt 40 den Phríomh-Acht—**

(a) i bhfo-alt (2), trí “6” a chur in ionad “3”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) maidir le duine ag a raibh teideal chun sochair cuardaitheora poist nó liúntais cuardaitheora poist i leith aon lá nó laethanta sa tréimhse 14 lá chomhleanúnacha dar chríoch an lá roimh an gcéad lá éagumais chun oibre.”,

agus

(c) i bhfo-alt (3)—

(i) tríd an méid seo a leanas a scriosadh i mír (d):

“agus measfar go bhfoláíonn tréimhse éagumais chun oibre aon lá nó laethanta dífhostaíochta sa tréimhse 3 lá chomhleanúnacha roimh an gcéad lá éagumais chun oibre”,

agus

(ii) i mír (f), trí “seachas chun críocha fho-alt (2A), ní dhéanfar an Domhnach” a chur in ionad “ní dhéanfar an Domhnach”.

(2) Maidir leis na leasuithe a dhéantar le *fo-alt (1)* ar alt 40 den Phríomh-Acht, tagann siad i ngníomh an 6 Eanáir 2014 maidir le tréimhse éagumais chun oibre, de réir bhrí alt 40 den Phríomh-Acht, is tréimhse a dtarlaíonn an chéad lá di an 6 Eanáir 2014 nó dá éis.

Sochar máithreachais — an ráta sochair**5. (1) Leasaítear alt 49 (a leasaíodh le halt 7 d’Acht 2005) den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):**

“(1) Faoi réir an Achta seo, is é a bheidh sa ráta seachtainiúil sochair máithreachais—

(a) i gcás éileamh ar shochar máithreachais más rud é gur roimh an 6 Eanáir 2014 atá an chéad lá ar ina leith a bheidh sochar iníoctha, méid atá comhionann leis an méid is mó acu seo a leanas—

(i) 80 faoin gcéad de thuilleamh ináirithe seachtainiúil, de dhíolaíochtaí ináirithe seachtainiúla nó d’ioncam ináirithe seachtainiúil, de réir mar a bheidh, na mná lenarb iníoctha an sochar sa bhliain cánach ioncaim atá forordaithe chun críocha an ailt seo, nó

(ii) an méid sochair breoiteachta, lena n-áirítear aon mhéaduithe ar an sochar sin, a gheobhadh an bhean thairis sin dá mbeadh sí i dteideal an tsochair sin, nó

(iii) aon mhéid a fhorordófar, chun críocha na míre seo,
nó

(b) i gcás éileamh ar shochar máithreachais más rud é gur ar an 6 Eanáir 2014 nó dá éis a bheidh an chéad lá ar ina leith a bheidh sochar iníoctha, méid atá comhionann leis an méid is mó acu seo a leanas—

(i) an méid sochair breoiteachta, lena n-áirítear aon mhéaduithe ar an sochar sin, a gheobhadh an bhean thairis sin dá mbeadh sí i dteideal an tsochair sin, nó

(ii) €230.”.

(2) Tagann an t-alt seo i ngníomh an 6 Eanáir 2014.

Sochar uchtaíoch — an ráta sochair

6. (1) Leasaítear alt 60 (a leasaíodh le halt 8 d’Acht 2005) den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Faoi réir an Achta seo, is éard a bheidh sa ráta seachtainiúil sochair uchtaíoch—

(a) i gcás éileamh ar shochar uchtaíoch más rud é gur roimh an 6 Eanáir 2014 a bheidh an chéad lá ar ina leith a bheidh sochar iníoctha, méid atá comhionann leis an méid is mó acu seo a leanas—

(i) 80 faoin gcéad de thuilleamh ináirithe seachtainiúil, de dhíolaíochtaí ináirithe seachtainiúla nó d’ioncam ináirithe seachtainiúil, de réir mar a bheidh, na mná lenarb iníoctha an sochar sa bhliain cánach ioncaim atá forordaithe chun críocha an ailt seo, nó

(ii) an méid sochair breoiteachta, lena n-áirítear aon mhéaduithe ar an sochar sin, a gheobhadh an bhean thairis sin dá mbeadh sí i dteideal an tsochair sin, nó

(iii) aon mhéid a fhorordófar, chun críocha na míre seo,
nó

(b) i gcás éileamh ar shochar uchtaíoch más rud é gur ar an 6 Eanáir 2014 nó dá éis a bheidh an chéad lá ar ina leith a bheidh sochar iníoctha, méid atá comhionann leis an méid is mó acu seo a leanas—

(i) an méid sochair breoiteachta, lena n-áirítear aon mhéaduithe ar an sochar sin, a gheobhadh an bhean thairis sin dá mbeadh sí i dteideal an tsochair sin, nó

(ii) €230.”.

(2) Tagann an t-alt seo i ngníomh an 6 Eanáir 2014.

Sochar díobhála — leasuithe

7. (1) Leasaítear alt 74 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (2), trí “6” a chur in ionad “3”, agus
- (b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) maidir le duine ag a raibh teideal chun sochair cuardaitheora poist nó liúntais cuardaitheora poist i leith aon lá nó laethanta sa tréimhse 14 lá chomhleanúnacha dar críoch an lá roimh an gcéad lá ar a bhfuil sé nó sí, de dheasca na díobhála, éagumasach chun oibre.

(2B) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) maidir le duine ag a raibh tréimhse éagumais chun oibre díreach roimh an gcéad lá, nó tráth nach mó ná 3 lá roimh an gcéad lá, ar a bhfuil sé nó sí, de dheasca na díobhála, éagumasach chun oibre.”.

- (2) Maidir leis na leasuithe ar alt 74 den Phríomh-Acht a dhéantar le *fo-alt (1)*, tagann siad i ngníomh an 6 Eanáir 2014 maidir le tréimhse, a dtarlaíonn an chéad lá di an 6 Eanáir 2014 nó dá éis, agus a bhfuil duine, lena linn, éagumasach chun oibre de dheasca díobháil dá dtagraítear i bhfo-alt (1) d’alt 74.

Scor de dheontas méala a íoc

- 8. (1) Leasaítear alt 134 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (a leasaíodh le hailt 17 agus 26 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2010):

“(1) Faoi réir an Achta seo, beidh deontas méala iníoctha leis an duine nó na daoine a fhorordófar—

- (a) ar bhás duine díobh seo a leanas, roimh an 1 Eanáir 2014—

- (i) pinsinéir,

- (ii) aosach cáilithe,

- (iii) céile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir pinsinéara,

- (iv) leanbh cáilithe a raibh méadú ar phinsean a shonraítear i míreanna (a) go (f) sa mhíniú ar ‘pinsinéir’ i bhfo-alt (3) á íoc ina leith tráth an bháis,

- (v) dílleachta, nó

- (vi) duine lena bhfuil íocaíocht chaomhnóra (ranníocach) iníoctha faoi alt 133,

nó

- (b) i gcás go gcomhlíonfar na coinníollacha ranníoca in alt 135, ar bhás duine díobh seo a leanas, roimh an 1 Eanáir 2014—

- (i) duine árachaithe,

- (ii) céile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir duine árachaithe,

[2013.]

An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2013.

[Uimh. 38.]

CD.2 A.8

(iii) baintreach, baintreach fir nó páirtneír sibhialta marthanach duine árachaithe éagtha, nó

(iv) leanbh cáilithe seachas leanbh cáilithe dá dtagraítear i mír (a)(iv).”.

(2) Tagann an t-alt seo i ngníomh an 1 Eanáir 2014.

Liúntas cuardaitheora poist — leasuithe

9. (1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 142A—

(i) i bhfo-alt (1)(a) (a leasaíodh le halt 6 d’Acht 2009), trí “25 bliana” a chur in ionad “22 bhliain”,

(ii) i bhfo-alt (4), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (aa) (a cuireadh isteach le halt 21 d’Acht 2010):

“(ab) gur thosaigh an tréimhse dífhostaíochta an 14 Eanáir 2014 nó roimhe agus gur dhuine an t-éilitheoir—

(i) a shlánaigh 22 bhliain d’aois an dáta sin nó roimhe ach nach raibh 25 bliana d’aois slánaithe aige nó aici, agus

(ii) a raibh feidhm ag alt 142B maidir leis nó léi an 14 Eanáir 2014 nó roimhe,”

(iii) i bhfo-alt (4), trí mhír (b) a scriosadh, agus

(iv) i bhfo-alt (4)(d) (a leasaíodh le halt 6 d’Acht 2009), trí “25 bliana” a chur in ionad “22 bhliain”,

agus

(b) in alt 142B (a cuireadh isteach le halt 6 d’Acht 2009)—

(i) i bhfo-alt (1)(a)—

(I) trí “25 bliana” a chur in ionad “22 bhliain”, agus

(II) trí “26 bliana” a chur in ionad “25 bliana”,

(ii) i bhfo-alt (3) (a leasaíodh le halt 21 d’Acht 2010), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) gur thosaigh an tréimhse dífhostaíochta an 14 Eanáir 2014 nó roimhe agus gur dhuine an t-éilitheoir—

(i) a shlánaigh 25 bliana d’aois an dáta sin nó roimhe ach nach raibh 26 bliana d’aois slánaithe aige nó aici, agus

(ii) a raibh feidhm ag alt 142 maidir leis nó léi an 14 Eanáir 2014 nó roimhe,”

agus

(iii) i bhfo-alt (3), trí mhír (b) a scriosadh.

(2) Tagann an t-alt seo i ngníomh an 15 Eanáir 2014.

Liúntas leasa forlíontach — leasuithe

10. (1) Leasaítear alt 197 (a leasaíodh le halt 7 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2009) den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2) (a leasaíodh le halt 13 d’Acht 2009), trí “25 bliana” a chur in ionad “22 bhliain”,

(b) i bhfo-alt (3) (a leasaíodh le halt 13 d’Acht 2009), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) go raibh an liúntas á fháil go leanúnach aige nó aici ó dháta arb é an 8 Eanáir 2014, nó dáta roimhe sin, é, agus más rud é, sa tréimhse roimh an dáta sin, nár dhuine an t-éilitheoir lenar bhain fo-alt (2), nó”,

(c) i bhfo-alt (3)(b) (a leasaíodh le halt 13 d’Acht 2009), trí “25 bliana” a chur in ionad “22 bhliain”,

(d) i bhfo-alt (4) (a cuireadh isteach le halt 13 d’Acht 2009)—

(i) trí “25 bliana” a chur in ionad “22 bhliain”, agus

(ii) trí “26 bliana” a chur in ionad “25 bliana”,

agus

(e) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5) (a cuireadh isteach le halt 13 d’Acht 2009):

“(6) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (4) i gcás éileamh ar liúntas leasa forlíontach más rud é—

(a) go raibh an liúntas á fháil go leanúnach ag an éilitheoir ó dháta arb é an 8 Eanáir 2014, nó dáta roimhe sin, é, agus

(b) sa tréimhse roimh an dáta sin, nár dhuine an t-éilitheoir lenar bhain fo-alt (4).”.

(2) Leasaítear alt 198 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1A) (a cuireadh isteach le halt 6 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2010) trí “26 bliana” a chur in ionad “25 bliana”.

(3) Tagann an t-alt seo i ngníomh an 9 Eanáir 2014.

Scor d’fhorlíonadh úis morgáiste a íoc

11. Leasaítear alt 198 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (5) (a leasaíodh le halt 14 den Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008), trí “Faoi réir fho-ailt (10) agus (11) agus gan dochar do” a chur in ionad “Gan dochar do”, agus
- (b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9) (a leasaíodh le halt 11 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2010 agus le Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht sin):
- “(10) Maidir leis an bhforlónadh dá dtagraítear i bhfo-alt (5) agus is iníoctha faoi chomhair an mhéid úis morgáiste is iníoctha ag duine, ní íocfar le haon duine é an 1 Eanáir 2018 nó dá éis.
- (11) Ní dhéanfar iarratas ar an bhforlónadh dá dtagraítear i bhfo-alt (5) an 1 Eanáir 2014 nó dá éis.”.

Pinsean easláine — an ráta pinsin i gcásanna áirithe

12. (1) Leasaítear an Príomh-Acht i gCuid 1 (a leasaíodh le halt 3 den Acht Leasa Shóisialaigh, 2010) de Sceideal 2 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad thagairt 4:

“

4. Pinsean easláine	193.50	138.10	29.80	143.00	7.70	10.00	12.70
Méadú breise i leith tairbhí a bhfuil 65 bliana d’aois slánaithe aige nó aici roimh an 2 Eanáir 2014	36.80	-	-	-	-	-	-
Méadú breise i gcás aois inphinsin a bheith slánaithe ag aosach cáilithe roimh an 2 Eanáir 2014	-	68.20	-	-	-	-	-

”.

- (2) Tagann an t-alt seo i ngníomh an 2 Eanáir 2014.

Sochair agus cúnamh áirithe a ghnóthú

13. Leasaítear an Príomh-Acht—

- (a) in alt 4(4)(a), trí “342, 343M agus 363” a chur in ionad “342 agus 363”,
- (b) in alt 300(2)—
- (i) i mír (h), trí “agus inárachaitheacht),” a chur in ionad “agus inárachaitheacht), agus”, agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (h):

“(hh) faoi Chuid 11B (sochair agus cúnamh áirithe a ghnóthú) is ceist i dtaobh an sochar inghnóthaithe de réir bhrí na Coda sin é sochar, nó aon chuid de shochar, a shonraítear i ráiteas sochar inghnóthaithe, agus”,

(c) in alt 311 (a leasáíodh le halt 18 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2008)—

(i) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (4), i gcás go mbeidh aon duine” a chur in ionad “I gcás ina mbeidh aon duine”, agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) Ní fhéadfaidh aon duine aon achomharc a dhéanamh faoi fho-alt (1) i gcoinne na breithe arna tabhairt ag oifigeach breithiúnachta ar cheist faoi mhír (hh) (a cuireadh isteach le *halt 13(b)* den *Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2013*) d’alt 300(2) go dtí go mbeidh na sochair inghnóthaithe a shonraítear sa ráiteas sochar inghnóthaithe íoctha leis an Aire de réir alt 343R (a cuireadh isteach le *halt 13(d)* den *Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2013*).”,

(d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 11A (a cuireadh isteach le halt 15 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013):

“Cuid 11B

SOCHAIR AGUS CÚNAMH ÁIRITHE A GHNÓTHÚ

Léiriú

343L. (1) Sa Chuid seo—

ciallaíonn ‘Acht 2003’ an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003;

ciallaíonn ‘Bord’ an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta;

tá le ‘íocaíocht cúitimh’ an bhrí a shanntar dó le halt 343M;

tá le ‘cúititheoir’ an bhrí a shanntar dó le halt 343M;

ciallaíonn ‘cúirt’, i ndáil le caingean díobhála pearsanta, an chúirt inar tionscnaíodh an caingean sin, arb í an Ard-Chúirt, an Chúirt Chuarda nó an Chúirt Dúiche í, de réir mar a bheidh;

tá le ‘duine díobhálaithe’ an bhrí a shanntar dó le halt 343M agus foláíonn sé aon duine atá ag gníomhú thar a cheann nó thar a ceann nó a ionadaí pearsanta nó a hionadaí pearsanta;

foláíonn ‘díobháil phearsanta’ aon ghalar agus aon mhallachar ar staid choirp nó mheabhrach duine;

tá le ‘sochair inghnóthaithe’ an bhrí a shanntar dó le fo-alt (2);

ciallaíonn ‘íocaíocht cúitimh iomchuí’ aon chuid d’íocaíocht cúitimh is inchurtha síos do chailleadh tuillimh nó brabús ag duine díobhálaithe;

tá le ‘sochair shonraithe’ an bhrí a shanntar dó le halt 343O;

forléireofar ‘tréimhse shonraithe’ de réir alt 343N;

ciallaíonn ‘ráiteas sochar inghnóthaithe’ ráiteas arna eisiúint ag an Aire faoi alt 343P.

(2) Sa Chuid seo, ciallaíonn ‘sochair inghnóthaithe’—

- (a) na sochair shonraithe a íoctar le duine díobhálaithe de thoradh na díobhála pearsanta suas go dtí an dáta a eiseofar ráiteas sochar inghnóthaithe, agus
- (b) aon sochair shonraithe a íocfar leis an duine díobhálaithe de thoradh na díobhála pearsanta ar an dáta nó tar éis an dáta dá dtagraítear i mír (a) go dtí deireadh na tréimhse sonraithe.

Feidhm na Coda

343M. (1) Faoi réir fho-alt (2), tá feidhm ag an gCuid seo más rud é—

- (a) go mbeidh íocaíocht (dá ngairtear ‘íocaíocht cúitimh’ sa Chuid seo) déanta ag duine nó thar ceann duine (dá ngairtear an ‘cúititheoir’ sa Chuid seo) atá, nó a líomhnaítear a bheith, faoi dhliteanas go feadh aon mhéid i leith díobháil phearsanta, nach cúis bháis í, a bhain d’aon duine eile (dá ngairtear an ‘duine díobhálaithe’ sa Chuid seo),
 - (b) go bhfuil sochar sonraithe faighte nó á fháil, nó go bhféadfaidh go mbeidh sochar sonraithe faighte, ag an duine díobhálaithe de thoradh na díobhála pearsanta sin le linn na tréimhse sonraithe, agus
 - (c) go ndéanfar an íocaíocht cúitimh ar thosach feidhme na Coda seo nó dá éis mura ndéanfar an íocaíocht sin de bhun ordú cúirte, ordú ón mBord de réir Acht 2003 nó socraíochta agus go mbeidh an t-ordú nó an tsocraíocht sin déanta roimh thosach feidhme na Coda seo.
- (2) Ní bheidh feidhm ag an gCuid seo más rud é go mbeidh íocaíochtaí cúitimh déanta le duine díobhálaithe—
- (a) ag an mBinse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C agus HIV,
 - (b) ag cúirt dlínse inniúla d’fhonn cúiteamh a thabhairt do dhaoine áirithe a tholg Heipitéas C nó Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna laistigh den Stát as Frith-D Imdhíonghlóbailíne Daonna, lánfhuil nó táirgí eile fola a úsáid,

- (c) ag an mBord um Shásamh i leith Foras Cónaithe,
 - (d) ag an mBord um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe,
 - (e) faoi fhorálacha an Achta Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006 le duine iomchuí de réir bhrí an Achta sin,
 - (f) ag an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla,
 - (g) i ndáil le míchumas arb í tailidimíd is cúis leis,
 - (h) de réir Achtanna an Gharda Síochána (Cúiteamh), 1941 go 2003, nó
 - (i) ag binse, bord um shásamh nó faoi scéim cúitimh i gcás go bhfuil an binse sin, an scéim sin nó an bord um chúnamh sin forordaithe faoi fho-alt (3).
- (3) Féadfaidh an tAire binse cúitimh, bord um chúnamh nó scéim cúitimh a fhorordú chun críocha fho-alt (2), más rud é—
- (a) go ndéantar íocaíochtaí cúitimh ag an mbinse, ag an mbord um chúnamh nó faoin scéim as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, nó
 - (b) go bhfuil an binse nó an bord um chúnamh ag comhlíonadh feidhmeanna arna dtabhairt dó le hachtachán nó faoi achtachán, nó
 - (c) go bhfuil an scéim á riaradh ag an Aire nó ag Aire den Rialtas seachas an tAire,
- agus gur deimhin leis an Aire go gcuideoidh sé lena áirithiú go n-úsáidfear cistí a bheidh ar fáil don bhinse sin, don bhord um chúnamh sin nó don scéim sin go tairbhiúil éifeachtúil éifeachtach an binse sin, an bord um chúnamh sin nó an scéim sin a fhorordú.
- (4) Tá feidhm ag an gCuid seo d'ainneoin alt 2 den Acht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), 1964.

An tréimhse shonraithe

343N. Is í an tréimhse shonraithe ar ina leith atá sochair shonraithe inghnóthaithe an tréimhse dar tosach an dáta a thiocfaidh an duine díobhálaithe chun bheith i dteideal sochar sonraithe de thoradh na díobhála pearsanta den chéad uair agus dar críoch an tráth is luaithe acu seo a leanas—

- (a) deireadh na tréimhse 5 bliana ón dáta sin,
- (b) an dáta a dhéanfaidh cúititheoir íocaíocht cúitimh mar urscaoileadh críochnaitheach ar aon éileamh arna dhéanamh ag an duine díobhálaithe nó ina leith de thoradh na díobhála pearsanta, nó
- (c) an dáta a dhéanfar comhaontú is comhaontú faoina ndéileálfar le híocaíocht a rinneadh roimhe sin mar íocaíocht a rinneadh mar urscaoileadh críochnaitheach ar aon éileamh den sórt sin.

Sochair shonraithe

343O. Is iad na sochair shonraithe:

- (a) sochar breoiteachta faoi Chaibidil 8 de Chuid 2;
- (b) sochar cumais pháirtigh faoi Chaibidil 8A de Chuid 2;
- (c) sochar díobhála faoi alt 74;
- (d) méadú ar phinsean míthreorach de réir alt 77 nó 77A, i gcás go bhfuil an duine éagumasach chun oibre agus gur dóigh dó nó di a bheith éagumasach amhlaidh go buan;
- (e) pinsean easláine faoi Chaibidil 17 de Chuid 2;
- (f) liúntas míchumais faoi Chaibidil 10 de Chuid 3.

Iarratas ar ráiteas sochar inghnóthaithe

- 343P. (1) Faoi réir fho-alt (2), déanfaidh cúititheoir iarratas chun an Aire ar ráiteas sochar inghnóthaithe sula ndéanfaidh sé nó sí aon íocaíocht cúitimh le duine díobhálaíthe nó i leith duine díobhálaíthe.
- (2) Déanfaidh an Bord iarratas chun an Aire ar ráiteas sochar inghnóthaithe sula n-eiseoidh sé ordú íoctha faoi alt 38 d'Acht 2003.
 - (3) Déanfaidh an tAire, laistigh de 4 seachtaine ón dáta a gheofar iarratas faoi fho-alt (1) nó (2), ráiteas sochar inghnóthaithe a eisiúint chuig an gcúititheoir nó chuig an mBord, de réir mar a bheidh.
 - (4) Déanfaidh an tAire, an tráth céanna a eiseoidh sé nó sí ráiteas sochar inghnóthaithe chuig cúititheoir nó chuig an mBord faoi fho-alt (3), cóip den ráiteas a eisiúint chuig an duine díobhálaíthe.
 - (5) Féadfaidh an tAire le rialacháin na nithe seo a leanas a fhorordú—
 - (a) an fhaisnéis a theastaíonn uaidh nó uaithi i ndáil le céannacht an duine dhíobhálaíthe agus na sochair a fuair an duine sin chun críocha iarratas ar ráiteas sochar inghnóthaithe, agus
 - (b) an fhoirm ina ndéanfar an t-iarratas.

Ráiteas sochar inghnóthaithe

- 343Q. (1) Sonrófar i ráiteas sochar inghnóthaithe, i leith an duine dhíobhálaíthe lena mbaineann, an méid sochar inghnóthaithe.
- (2) Beidh ráiteas sochar inghnóthaithe bailí ar feadh 3 mhí ó dháta a eisiúna.
 - (3) Féadfaidh duine a n-eiseofar ráiteas sochar inghnóthaithe chuige nó chuici a iarraidh ar an Aire sonraí a thabhairt i dtaobh na slí inar

ríomhadh an méid sochar inghnóthaithe a shonraítear sa ráiteas sochar inghnóthaithe.

- (4) Déanfaidh an tAire na sonraí a iarrfar faoi fho-alt (3) a thabhairt laistigh de 4 seachtaine ón tráth a gheofar iarraidh den sórt sin.

Oibleagáid sochair inghnóthaithe a íoc

343R. (1) Faoi réir fho-alt (2), íocfaidh cúititheoir leis an Aire an méid sochar inghnóthaithe a shonraítear sa ráiteas sochar inghnóthaithe sula ndéanfaidh sé nó sí aon íocaíocht cúitimh le duine díobhálaíthe nó ina leith.

- (2) I gcás gur mó na sochair inghnóthaithe a shonraítear sa ráiteas sochar inghnóthaithe ná méid na híocaíochta cúitimh iomchuí agus gurbh ábhar d'ordú cúirte nó do mheasúnacht ag an mBord de réir Acht 2003 an íocaíocht cúitimh iomchuí sin, níl an cúititheoir faoi dhliteanas ach go feadh an mhéid sin arna ordú nó arna mheasúnú amhlaidh.

- (3) Aon chúititheoir a mhainneoidh fo-alt (1) a chomhlíonadh nó a mhainneoidh thairis sin an méid sochar inghnóthaithe a bheidh dlite don Aire a íoc, tá sé nó sí faoi dhliteanas an méid sin sochar inghnóthaithe atá dlite amhlaidh a íoc leis an Aire ar éileamh uaidh nó uaithi.

Laghdú ar íocaíocht cúitimh le duine díobhálaíthe

343S. (1) Aon chúititheoir a íocfaidh méid atá comhionann le méid iomlán na sochar inghnóthaithe leis an Aire de réir alt 343R, féadfaidh sé nó sí an íocaíocht cúitimh iomchuí is iníoctha leis an duine díobhálaíthe a laghdú den mhéid sin agus tabharfaidh sé nó sí fógra dá réir sin don duine díobhálaíthe.

- (2) Ní dhéanfaidh cúititheoir an íocaíocht cúitimh, seachas an íocaíocht cúitimh iomchuí, is iníoctha ag an gcúititheoir le duine díobhálaíthe a laghdú i gcás gur mó méid iomlán na sochar inghnóthaithe ná méid na híocaíochta cúitimh iomchuí is iníoctha le duine díobhálaíthe.

Dlitéanas i leith duine díobhálaíthe a urscaoileadh

343T. I gcás go mbeidh feidhm ag an gCuid seo maidir le héileamh ar íocaíocht cúitimh ag duine díobhálaíthe nó thar ceann duine díobhálaíthe, déileálfar leis an éileamh sin, a mhéid a bhainfidh sé le híocaíocht cúitimh iomchuí, mar éileamh atá urscaoilte a mhéid a bheidh íocaíocht déanta ag an gcúititheoir leis an Aire i leith an éilimh sin de réir alt 343R.

Aisíocaíocht le cúititheoir i gcás nach n-íocfar sochar sonraithe

343U. (1) I gcás go mbeidh íocaíocht déanta ag cúititheoir leis an Aire de réir alt 323R agus go mbeidh ar áireamh in aon chuid den íocaíocht sin

sochair shonraithe dá dtagraítear i bhfo-alt (2), déanfaidh an tAire an méid den íocaíocht sin arb ionannas dó na sochair sin a aisíoc leis an gcúititheoir.

- (2) Is iad na sochair shonraithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1) na sochair sin, de réir bhrí mhír (b) den mhíniú ar shochair inghnóthaithe, nár íoc an tAire leis an duine díobháilaithe i ndeireadh na tréimhse sonraithe.

Achomharc faoi alt 311

343V. (1) Tá feidhm ag an alt seo i gcás go dtionscnaítear achomharc faoi alt 311 (a leasaíodh le *halt 13(c)* den *Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2013*) i gcoinne breith arna tabhairt ag oifigeach breithiúnachta ar cheist faoi mhír (hh) (a cuireadh isteach le *halt 13(b)* den *Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2013*) d'alt 300(2).

- (2) Más rud é ar achomharc dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a chinneadh gurb í an bhreith a thabharfaidh oifigeach achomhairc gur mó méid na sochar inghnóthaithe a shonraítear sa ráiteas sochar inghnóthaithe ná méid na sochar inghnóthaithe atá dlite don Aire, déanfaidh an tAire méid an bharrachais sin a aisíoc leis an gcúititheoir.

- (3) Más rud é ar achomharc dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a chinneadh gurb í an bhreith a thabharfaidh oifigeach achomhairc gur lú méid na sochar inghnóthaithe a shonraítear sa ráiteas sochar inghnóthaithe ná méid na sochar inghnóthaithe atá dlite don Aire, beidh an cúititheoir faoi dhliteanas an difríocht idir an méid a íocadh leis an Aire de réir alt 343R agus méid na sochar inghnóthaithe atá dlite don Aire de réir na breithe a thug an t-oifigeach achomhairc a íoc leis an Aire.

Breis agus aon chúititheoir amháin a bheith ag déanamh íocaíocht cúitimh

343W. I gcás go mbeidh beirt chúititheoirí nó níos mó faoi dhliteanas de bhua na Coda seo i leith sochair inghnóthaithe mar gheall ar an díobháil phearsanta chéanna, beidh siad faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach don Aire i ndáil leis na sochair sin agus léifear Cuid III den Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961 mar ní a bhfuil feidhm aige maidir leis an dliteanas sin fara gach modhnú is gá.”,

agus

- (e) trí fho-ailt (1) agus (2) d'alt 96, agus alt 286, a aisghairm.

CUID 3

LEASÚ AR AN ACHT UM BORD MEASÚNAITHE DÍOBHÁLACHA PEARSANTA, 2003

Leasú ar alt 38 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003

- 14.** Leasaítear alt 38 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Luafar in ordú íoctha go ndlífidh an freagróir a n-eisítear chuige nó chuici é—

(a) an méid sochar inghnóthaithe a shonraítear sa ráiteas sochar inghnóthaithe (más ann) a íoc leis an Aire Coimirce Sóisialaí de réir fhorálacha Chuid 11B (a cuireadh isteach le *halt 13(d)* den *Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2013*) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, agus

(b) iad seo a leanas a íoc leis an éilitheoir—

(i) an méid damáistí a shonraítear sa mheasúnacht lúide an méid dá dtagraítear i mír (a), agus

(ii) an méid, más ann, a ordaítear a íoc faoi alt 44 nó 45 nó faoin dá alt sin araon.”.

CUID 4

LEASÚ AR ACHT NA bPINSEAN, 1990

Míniú

15. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” Acht na bPinsean, 1990.

Leasú ar alt 59B den Phríomh-Acht

16. Leasaítear alt 59B den Phríomh-Acht i bhfo-alt (3), sa mhíniú ar “pinsean”, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e):

“(ea) pinsean páirtnéara shibhialta mharthanaigh (ranníocach),”.

Leasú ar alt 59C den Phríomh-Acht

17. Leasaítear alt 59C den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1) sa mhíniú ar “pinsean Stáit”, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e):

“(ea) pinsean páirtnéara shibhialta mharthanaigh (ranníocach),”.

Alt nua 59H arna chur isteach sa Phríomh-Acht

18. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 59G (a leasaíodh le *halt 39* den *Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2012*):

“Cumhacht chun rialacha scéime a athrú in imthosca áirithe

59H. (1) D’ainneoin aon ní san Acht seo nó in aon achtachán eile nó in aon riail dlí nó i rialacha scéime—

(a) i gcás go gceadófar d’iontaobhaithe scéime méid sochair a laghdú de réir alt 59B(2)(a), féadfaidh siad cibé leasuithe a dhéanamh ar rialacha na scéime a mheasfaidh siad a bheith cuí chun a cheadú laghdú a dhéanamh ar an sochar is iníoctha le duine a shlánóidh 65 bliana d’aois an 1 Eanáir 2014 nó dá éis amhail is dá dtosódh an pinsean Stáit (ranníocach) ar a bheith iníoctha leis an duine sin ó 65 bliana d’aois amach, agus

[2013.]

An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2013.

[Uimh. 38.] CD.4 A.18

(b) i gcás go gceanglófar ar iontaobhaithe scéime le rialacha scéime pinsean comhtháite arna ríomh faoi threoir an phinsin Stáit (ranníocach) is iníoctha ó 65 bliana d'aois amach a íoc le duine a shlánóidh 65 bliana d'aois an 1 Eanáir 2014 nó dá éis, féadfaidh siad cibé leasuithe a dhéanamh ar rialacha na scéime a mheasfaidh siad a bheith cuí chun a cheadú fritháireamh an phinsin Stáit a chur chun feidhme i leith an duine sin faoi threoir méid bharúláigh amhail is dá dtosódh an pinsean Stáit (ranníocach) ar a bheith iníoctha leis an duine sin ó 65 bliana d'aois amach.

(2) I bhfo-alt (1)—

tá le ‘pinsean comhtháite’ an bhrí a shanntar dó le halt 59C;

ciallaíonn ‘pinsean Stáit (ranníocach)’ an pinsean Stáit (ranníocach) faoi Chuid 2 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005;

tá le ‘fritháireamh pinsin Stáit’ an bhrí a shanntar dó le halt 59C.”.